

# Forbairt ar Fhuinneamh In-athnuaite in Éirinn

## | Freagra Samplach

### **Scrúdaigh an chaoi a bhfuil forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite riachtanach do chomhshaol agus do gheilleagar na hÉireann.**

#### **(2016 C8b)**

Faoin treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite, tá sprioc leagtha síos ag Éirinn chun 16% de riachtanais fuinnimh na tíre a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020. Idir 2005 agus 2014, d'fhás céatadán an fhuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ó 3.1% go 8.1% den ídiú iomlán.

Faoi 2020, tá sprioc leagtha síos ag Éirinn chun 42.5% dá riachtanais leictreachais a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite

m.sh. gaoth. Is ionann 2,486 MW agus an méid cumhacht ghaoithe is féidir leis an tír a tháirgeadh. Faoi dheireadh 2015, b'ionann fuinneamh gaoithe agus díreach níos lú ná 25% d'fhuinneamh na tíre.

Tá cumhacht ghaoithe ag fás go seasta i bPoblacht na hÉireann, thart ar fhás 300MW in aghaidh na bliana. Faoi 2016, bhí sé ardaithe go 3000MW. Tá eangacha Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann comhtháite, agus le chéile is féidir leo 3,916MW de chumhacht ghaoithe a tháirgeadh.

I rith na bliana 2015, tháinig 23% d'éileamh leictreachais na tíre ó chumhacht ghaoithe. Briseadh curiarracht na hÉireann ar an 11 Eanáir 2016 nuair a táirgeadh 2,815MW fuinneamh gaoithe, an uasacmhainn ag an am.

Gineadh an ghaoth seo laistigh de thréimhse cúig nóiméad déag, agus chuir sí dóthain fuinnimh ar fáil do 1.8 milliún teach as an 2 mhilliún sa Phoblacht.

Ar an lámh eile, b'ionann Cumhacht Fhótavoltach (PV) na Gréine in Éirinn agus 1MW. Cuireann sé seo Éire ar an dara tír is ísle san AE (an Laitvia ar an tír is ísle).

Tá acmhainn táirgthe na hÉireann ó thaobh chumhacht na gréine ar cheann de na hacmhainní táirgthe is ísle san Eoraip. B'ionann an figiúr agus 2MW in 2015, bliain ina raibh acmhainn táirgthe de 8,915MW ag an Ríocht Aontaithe. Tá éagsúlacht ann sna tuartha maidir leis an acmhainn táirgthe amach anseo, tuartha ó 500MW in 2021 go 3,700MW faoin mbliain 2030 leis an Rialtas. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an acmhainn táirgthe seo faoin gComhaontú Glas.

Tá Coillte, comhlacht tráchtála de chuid an stáit a bhíonn ag déileáil le gnó i bhforaoisí na hÉireann agus fuinneamh in-athnuaite laistigh de chúraimí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Úsáidtear adhmaid i dtithe a bhíonn ag brath ar bhreoslaí soladacha do theas an tí. Úsáidtear é i dtinte oscailte, soirn agus coirí bithmhaise.

In 2014, dhréachtaigh an Roinn dréachtstraitéis bhithfhuinnimh. Agus an straitéis á cur le chéile, oibríodh go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le bithmhais adhmaid. Úsáideadh bithmhais sholadach den chuid is mó san earnáil téimh agus fuaraithe, ag soláthar 222ktoe fuinnimh.